AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 16.7.2021
COM(2021) 318 final

ANNEX

IARSCRÍBHINN

a ghabhann leis an

Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh den Chomhairle Comhlachais a bunaíodh faoin gComhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear Comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht Arabach na hÉigipte, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le síneadh a chur le Tosaíochtaí Comhpháirtíochta an Aontais Eorpaigh agus na hÉigipte go dtí go nglacfaidh an tAontas Eorpach agus an Éigipt doiciméid chomhpháirteacha nua atá tugtha cothrom le dáta

IARSCRÍBHINN

CINNEADH Uimh. xx/2021 Ó CHOMHAIRLE COMHLACHAIS AN AONTAIS EORPAIGH AGUS NA hÉIGIPTE

an [ll/mm/bbb]

lena dtagtar ar chomhaontú maidir le síneadh a chur le Tosaíochtaí Comhpháirtíochta an Aontais Eorpaigh agus na hÉigipte

COMHAIRLE COMHLACHAIS AN AONTAIS EORPAIGH AGUS NA hÉIGIPTE,

Ag féachaint don Chomhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear Comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus an Éigipt, den pháirt eile ('an Comhaontú Eora-Mheánmhara'),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An Comhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear Comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht Arabach na hÉigipte, den pháirt eile, síníodh é an 25 Meitheamh 2001 agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2004[1].

(2) De bhun Airteagal 76 den Chomhaontú Eora-Mheánmhara, féadfaidh an Chomhairle Comhlachais cinntí a ghlacadh chun cuspóirí an Chomhaontaithe a bhaint amach.

(3) Cuirtear in iúl in Airteagal 86 den Chomhaontú go bhfuil na Páirtithe leis na bearta ginearálta nó sonracha is gá a dhéanamh chun a n-oibleagáidí faoin gComhaontú a chomhlíonadh agus go bhfuil siad le féachaint chuige go mbaintear amach na cuspóirí a leagtar amach sa Chomhaontú.

(4) Le linn na Comhairle Comhlachais an 25 Iúil 2017, tháinig an tAontas Eorpach agus an Éigipt ar chomhaontú maidir le Tosaíochtaí Comhpháirtíochta chun an chomhpháirtíocht a threorú le haghaidh na tréimhse 2017-2020[2].

(5) Ag eascairt as litir a sheol an tAontas Eorpach, tháinig an dá pháirtí ar chomhaontú maidir le bailíocht leanúnach Thosaíochtaí Comhpháirtíochta an Aontais Eorpaigh agus na hÉigipte mar dhoiciméad treorach chun an chomhpháirtíocht a chomhdhlúthú go dtí go nglacfar doiciméid chomhpháirteacha nua atá tugtha cothrom le dáta.

(6) Le hAirteagal 10 de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle Comhlachais, foráiltear maidir leis an bhféidearthacht cinntí a ghlacadh trí nós imeachta i scríbhinn idir na seisiúin, má chomhaontaíonn na Páirtithe amhlaidh;

---

1 An Comhaontú Eora-Mheánmhara lena mbunaítear Comhlachas idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Poblacht Arabach na hÉigipte, den pháirt eile, Tagairt L 304 san Iris Oifigiúil (30/9/2004)

2 Moladh Uimh. 1/2017 ó Chomhairle Comhlachais an Aontais Eorpaigh agus na hÉigipte an 25 Iúil 2017 lena dtagtar ar chomhaontú maidir le Tosaíochtaí Comhpháirtíochta an Aontais Eorpaigh agus na hÉigipte; IO L 255/26; 3.10.2017.

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

Airteagal 1

Cinneann an Chomhairle Comhlachais, ag gníomhú di trí nós imeachta i scríbhinn, go gcuirtear síneadh le Tosaíochtaí Comhpháirtíochta an Aontais Eorpaigh agus na hÉigipte a glacadh ag Comhairle Comhlachais an Aontais Eorpaigh agus na hÉigipte an 25 Iúil 2017, go dtí go nglacfaidh an tAontas Eorpach agus an Éigipt doiciméid chomhpháirteacha nua atá tugtha cothrom le dáta.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha.

Arna dhéanamh sa xx, [lá mí bliain].

Thar ceann na Comhairle Comhlachais